## Public Notices

**Case No: D: LIC:NAAS:2026:008426**
**NOTICE OF APPLICATION FOR PUBLIC DANCING LICENCE**
THE DISTRICT COURT
DISTRICT COURT AREA OF NAAS
DISTRICT NO 25
No. 86 Public Dance Halls Act, 1935

Vicar Catering Company Limited - **Applicant**

TAKE NOTICE that the above named Applicant having its registered address at Ashgrove, Kildangan, Kildare intends to apply to the District Court at Naas District Court on the 28 September 2026 at 10.30 for the grant of an Annual Dance Licence at Judge Roy Beans situate at Edward Street, Newbridge, Kildare in court area aforesaid for public dancing.
Dated this 25 August 2026
Signed: R.A. Osborne & Son, Solicitors for Applicant, Emily Square, Athy, Kildare

TO: District Court Clerk, Courthouse, Naas, Co. Kildare
The Superintendent's Office, Garda Siochana Kildare, Co. Kildare
Chief Fire Officer, Kildare County Fire Services, Central Fire Station, Newbridge, Co. Kildare
Kildare County Council, Aras Chill Dara, Devoy Park, Naas, Co. Kildare

## Planning Notices

**KILDARE COUNTY COUNCIL:** We, Resilience Healthcare Ltd, intend to apply for Permission for development at this site at Units 2A/B & 3A/B, The Grange, Yew Tree Square, Clane, Co Kildare W91K4PD The development will consist of: a) Retention Permission for Change of use from Retail to Day Care Service for Units 3A/B b) Change of use from Retail to Day Care Service for Units 2A/B for the provision of daytime care for vulnerable persons c) Amalgamation of existing ground floor Units 2A/B & 3A/B d) New door and access ramp to rear of Units 3A/B e) Associated internal alterations The planning application may be inspected, or purchased

**Comhairle Contae Chill Dara**
Kildare County Council

# FÓGRA MAIDIR LE HATHRÚ BEARTAITHE UIMH. 7 (PLEAN LONNAÍOCHTA MAINISTIR EIMHÍN) DE PHLEAN FORBARTHA CHONTAE CHILL DARA 2023-2029 (ARNA ATHRÚ)

Tugtar fógra leis seo de bhun Alt 58(7)(b) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (arna leasú), go molann Comhairle Contae Chill Dara athrú ar Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú). Déanfar an tAthrú Beartaithe a ionchorprú in Imleabhar 1 agus Imleabhar 2 de Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú).

**Cúis le hAthrú Beartaithe Uimh. 7 (Plean Lonnaíochta Mainistir Eimhín)**

Cuirfidh an tAthrú Beartaithe Plean Lonnaíochta ar fáil do Mainistir Eimhín chun teacht in ionad Phlean Ceantair Áitiúil Mainistir Eimhín 2016-2022. Cuirfidh an Plean Lonnaíochta creat beartais pleanála ar fáil chun forbairt inbhuanaithe na tithíochta, na fostaíochta, an iompair, an mhiondíola agus an bhonneagair shóisialta do bhaile Mainistir Eimhín a threorú amach anseo. Tá an Plean Lonnaíochta ag teacht le hordlathas uileghabhálach an phlean atá leagtha amach ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an chontae.

**Ábhar an Athraithe Beartaithe Uimh. 7 (Plean Lonnaíochta Mainistir Eimhín)**

Is éard a bheidh in Athrú Beartaithe Uimh. 7 (Plean Lonnaíochta Mainistir Eimhín) ar Phlean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 (arna athrú) Ráiteas i Scríbhinn agus léarscáileanna agus beidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis:

- Tuarascáil ar Scagadh le haghaidh Measúnú Cuí (AA) de bhun Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga (92/43/CEE);
- Cinneadh ar scagadh le haghaidh Measúnú Cuí (AA);
- Tuarascáil ar Scagadh na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta de bhun na Rialachán um Pleanáil Úsáide Talún - Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA), 2025;
- Cinneadh ar scagadh na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (SEA);
- Tuarascáil ar an Measúnú Straitéiseach Riosca Tuilte (SFRA), de bhun na dTreoirlínte um an Chóras Pleanála agus Bainistiú Riosca Tuilte (2009);
- Iniúchadh ar Toilleadh Lonnaíochta (SCA), de bhun na bPleananna Forbartha - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2022);
- Straitéis Bainistíochta Uisce Dromchla (SWMS);
- Iniúchadh ar Bhonneagar Sóisialta (SIA);
- Plean Iompair Áitiúil (LTP); agus
- Ráiteas ar Charachtar do Limistéar Caomhantais Ailtireachta Mhainistir Eimhín.

Tá scagadh déanta ag Comhairle Contae Chill Dara maidir le Measúnú Straitéiseach Timpeallachta de réir Alt 58 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (arna leasú) a chinn nach dócha go mbeadh éifeachtaí suntasacha comhshaoil mar thoradh ar an Athrú Beartaithe. Dá bhrí sin, ní éilítear leis an Athrú Beartaithe Measúnú Straitéiseach Timpeallachta iomlán.

Tá scagadh déanta ag Comhairle Contae Chill Dara maidir le Measúnú Cuí de réir Alt 58 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024 (arna leasú) inar cinneadh gur féidir an fhéidearthacht go mbeadh aon éifeachtaí suntasacha ar aon suíomh Eorpach, cibé acu a eascraíonn siad as an bplean ina n-aonar nó in éineacht le pleananna agus tionscadail eile, a eisiamh. Dá bhrí sin, níl gá le Measúnú Cuí don Athrú Beartaithe.

**Taispeáint an Athraithe Bheartaithe agus na nDoiciméad Tacaíochta**

Is féidir cóip d'Athrú Beartaithe Uimh. 7 (Plean Lonnaíochta Mainistir Eimhín) agus de dhoiciméid tacaíochta a iniúchadh ó **Dé Máirt, 1 Meán Fómhair 2026** go **Dé Máirt, 29 Méan Fómhair 2026** ag na suíomhanna seo a leanas:

- Ar líne ag: https://consult.kildarecoco.ie/en/browse.
- San **Oifig Pleanála, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, An Nás, Contae Chill Dara, W91 X77F** le linn gnáthuaireanta oscailte 09:30 r.n.-16:00 i.n., Luan go hAoine (gan laethanta saoire bainc san áireamh).

Tabhair faoi d'aire go bhfanfaidh an tairseach chomhairliúcháin https://consult.kildarecoco.ie/en/browse ar oscailt i gcónaí le linn thréimhse an chomhairliúcháin reachtúil.

**Conas Aighneacht a Dhéanamh**

Féadfar aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh maidir leis an Athrú Beartaithe agus na tuarascálacha a ghabhann leis roimh **12:00 i.n. Dé Máirt, 29 Méan Fómhair 2026** agus cuirfear san áireamh iad sula ndéanfar an tAthrú. Ba cheart d'ainm agus do sheoladh a lua i d'aighneacht, agus i gcás inarb iomchuí, an comhlacht nó an eagraíocht ar a bhfuil ionadaíocht á déanamh agat. Tá fáilte roimh leanaí nó grúpaí/comhlachais a dhéanann ionadaíocht ar leasanna leanaí aighneachtaí a dhéanamh. Déan d'aighneacht trí cheann amháin de na meáin seo a leanas amháin (ní ghlacfar le haighneachtaí déanacha, ná le haighneachtaí trí ríomhphost nó facs):

- Ar líne ag https://consult.kildarecoco.ie/en/browse nó
- I scríbhinn chuig: An tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, An Roinn Pleanála, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, An Nás, Contae Chill Dara, W91 X77F.

Foilseofar gach aighneacht ar Thairseach Chomhairliúcháin na Comhairle. Ullmhófar tuarascáil ar aighneachtaí a fuarthas agus áireofar inti ainmneacha na ndaoine a rinne aighneachtaí. Foilseofar an tuarascáil sin ar ár suíomh gréasáin. Is féidir sonraí faoi do theidlíochtaí agus oibleagáidí príobháideachais faoi RGCS a léamh anseo: https://www.kildarecoco.ie/YourCouncil/GovernanceandCompliance/DataProtection/

**SPRIOCDHÁTA LE HAGHAIDH AIGHNEACHTAÍ: 12:00 i.n. Dé Máirt, 29 Méan Fómhair 2026.**

Sínithe:

Alan Dunney,